Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13084/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0311(NLE)**

**VISA 216**
**MIGR 242**
**COEST 254**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise a chur ar fionraí go páirteach, an Comhaontú maidir le heisiúint víosaí a éascú<br>– Glacadh |

1. An 29 Meán Fómhair 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Bealarúise a chur ar fionraí go páirteach, an Comhaontú maidir le heisiúint víosaí a éascú[1].

2. An 13 Deireadh Fómhair 2021, tháinig an Mheitheal um Víosaí ar chomhaontú faoin togra sin.

3. Is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[2]. dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

[1] 12357/21.
[2] Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

4. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle a ghlacadh faoi mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, mar a leagtar amach in 12825/21, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

   Foilseofar an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme.